C/2026/2773

13.5.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/2773)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Comté'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-0116-AM01 — 16.2.2026

1. **Ainm an táirge**

'Comté'

2. Cineál an táisc gheografaigh

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **An t-údarás náisiúnta a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Eagraíocht

An Aireacht Talmhaíochta, Agraibhia agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC 'Comté' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint;

(b) níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Roinn fhreagrach sa Bhallstát:

Tuairisc

Tugadh sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta cothrom le dáta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Grúpa is iarratasóir:

Tuairisc

Tugadh sonraí teagmhála an ghrúpa is iarratasóir cothrom le dáta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cineál an táirge

Tuairisc

Rinneadh an roinn a bhaineann leis an gcineál táirge, a sainíodh roimhe seo de réir a aicme, a scriosadh ón tsonraíocht táirge.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tuairisc ar an táirge

Tuairisc

Cuireadh isteach ráiteas ina luaitear go 'bhféadfadh' oscailtí a bheith sa cháis in ionad an cheanglais faoina raibh gá le hoscailtí a bheith sa cháis, chun léiriú níos fearr a thabhairt ar an táirge mar atá sé i dáiríre ar an margadh sa lá atá inniu ann.

Cuireadh liosta de na comhábhair amháin atá údaraithe (bainne, túis ghabhála, binid agus salann) isteach freisin, toisc gur saintréith iad sin d'fhéiniúlacht an táirge.

Bogadh roinnt forálacha a bhí faoin gceannteideal 'Modh táirgthe' roimhe seo faoin gceannteideal seo, toisc gur roinn níos iomchuí é sin ina leith: i.e. an gá atá le craiceann screimhe agus an t-innéacs aibíochta íosta. Ós rud é go bhfuil athrú tagtha ar an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar an innéacs sin, tugadh na sprioclúachanna cothrom le dáta, ach ní dhearnadh aon athrú substainteach: ní mór an t-innéacs aibíochta íosta (IA) a bheith níos mó ná 850 micreamól glicín in aghaidh an ghraim d'ábhar tirim neamhshaille nó cothrom leis, arna ríomh trí úsáid a bhaint as an modh aigéid TNBS (aigéad sulfónach 2,4,6-trínítribeinséine) nó as an modh ionstraime infridhearg.

Athraíodh dath an chraicinn ó 'órbhuí' go 'buí ócair', rud atá i gcomhréir níos fearr le cuma iarbhír an táirge.

Ar deireadh, sonraíodh go gceadaítear gach stíl roinnte chomh maith leo siúd atá údaraithe go dtí seo, fad a choimeádtar an cháis ina staid amh agus ag teocht dheimhneach.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Sainiú an limistéir gheografaigh

Tuairisc

Cuireadh dáta formheasa an limistéir gheografaigh isteach, mar aon leis an liosta bardas sa limistéar geografach a tugadh cothrom le dáta i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2024 (gan aon athrú ar an limistéar geografach). Ar deireadh, sonraíodh gur féidir teacht ar léarscáileanna den limistéar geografach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Fianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh an táirge

Tuairisc

Cuireadh isteach téacs ina sonraítear an fhaisnéis atá le háireamh sna tuarascálacha sainordaitheacha éagsúla.

Tugadh na ceanglais tuairiscithe le haghaidh táirgeoirí bainne cothrom le dáta:

— go háirithe, scriosadh an ceanglas úsáid beatha coipthe a thuairisciú toisc go bhfuil toirmeasc ar bheatha den sórt sin a bheith in aon áit ar an ngabháltas;

— cuireadh isteach ceanglas maidir le toirt an bhainne a sheachadtar a thuairisciú, chomh maith le ceanglas maidir leis an gcleachtas beathaithe ghlais a thuairisciú.

Cuireadh isteach ceanglas tuairiscithe maidir le cur isteach ar ghníomhaíocht le haghaidh gléasraí cáiseoireachta, aibithe nó réamhphacáistithe.

Cuireadh ceanglais tuairiscithe isteach le haghaidh gléasraí cáiseoireachta, i ndáil leis an méid seo a leanas:

— bainne a bhailítear i gcás cliste nó timpistí;

— toirt an bhainne a bhailítear, cainníocht na cáise a tháirgtear (meáchan agus an líon rothaí);

— logaí meá le haghaidh cáis bhán (neamhaibithe).

Cuireadh ceanglas tuairiscithe isteach maidir le gléasraí aibithe i leith chainníocht na cáise a tháirgtear (meáchan agus an líon rothaí) agus maidir le gléasraí réamhphacáistithe i leith mheáchan na cáise atá pacáistithe.

Tugadh na ceanglais maidir le hinrianaitheacht agus coimeád taifead do tháirgeoirí bainne, agus do ghléasraí cáiseoireachta, aibithe agus réamhphacáistithe, i gcomhréir freisin leis na forálacha a cuireadh leis an roinn maidir leis an modh táirgthe.

Cuireadh faisnéis isteach freisin maidir leis an gcaoi a bhfuil an cháis le sainaithint, chomh maith le faisnéis maidir leis an bpláta cáiséine a chur ag an gcéim cáiseoireachta. Sonraíodh go sainaithnítear an cháis freisin le banda priontáilte seachtrach ag an gcéim a chuirtear na rothaí ar an margadh. Maidir leis an gcéim réamhphacáistithe, sainaithnítear é le lógó sonrach le haghaidh an ainmniúcháin (féach an roinn 'Lipéadú' den tsonraíocht táirge le haghaidh na mionsonraí sin).

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tuairisc ar an modh táirgthe;

Tuairisc

Táirgeacht bainne

An gabháltas

Cuireadh isteach téacs lena gceanglaítear ar tháirgeoirí bainne an tsonraíocht a chomhlíonadh gach lá den bhliain, chun a áirithiú go mbainistítear an bheatha tréada déiríochta go comhsheasmhach agus go leanúnach fiú i gcás ina gcuirtear isteach ar sheachadtaí.

Cuireadh forálacha isteach lena gceanglaítear ar tháirgeoirí nua bainne dul faoi oiliúint ionduchtaithe sula dtéann siad isteach sa slabhra soláthair. Cuireadh isteach ceanglas freisin ar ghléasraí cáiseoireachta deimhnithe cruinniú bliantúil a eagrú do na táirgeoirí bainne sin. Ceanglaítear anois freisin ar oibreoir amháin ar a laghad in aghaidh an ghabháltais páirt a ghlacadh i gcruinniú faisnéise bliantúil arna eagrú ag an ngléasra cáiseoireachta nó ag an ngrúpa.

Tá sé beartaithe leis na forálacha sin, ar thaobh amháin, táirgeoirí nua bainne a chur ar an eolas faoi na ceanglais a leagtar amach sa tsonraíocht táirge agus faoi dhea-chleachtais, agus ar an taobh eile, a áirithiú go gcoinneofar saineolas agus go mbeidh na páirtithe uile sa slabhra soláthair rannpháirteach san iarracht chomhchoiteann.

Cuireadh isteach nach bhféadfaidh an seachadadh iomlán le haghaidh an ghabháltais a bheith níos mó ná 1,2 milliún lítear bainne in aghaidh na bliana, chun ailíniú le cleachtais innilte agus faireacháin ainmhithe a áirithiú agus chun an nasc idir leibhéal an táirgthe bainne agus saintréithe na timpeallachta nádúrtha a chaomhnú. Tá tréimhse chairde go dtí an bhliain mhargaíochta 2031/2032 beartaithe maidir le comhlíonadh d'oibreoirí a dteastaíonn uathu leas a bhaint aisti. Chun na spriocanna céanna sin a bhaint amach, tá teorainn 50 bó déiríochta in aghaidh an aonaid oibrithe bhliantúil (AOB) agus sonraíodh nach mór cainníochtaí AOB a áireamh de réir an chineáil saothair lena mbaineann (lena n-áirítear 1,2 AOB tuarastail ar a mhéad) agus céatadán na gcoibhéisí lánaimseartha.

Sainmhíníodh na téarmaí 'bó dhéiríochta' agus 'bliain dhéiríochta', de réir bhrí na sonraíochta, chun na coincheapa sin a shoiléiriú i gcomhthéacs seiceálacha.

Pórtha agus cleachtais feirmeoireachta

Cuireadh isteach nach mór do bha déiríochta a thagann isteach sa ghabháltas agus do bhodóga ionaid a thugtar ar an saol an ngabháltas nó a thagann isteach ann an ceanglas ábhartha maidir le cód póir a chomhlíonadh agus tá deimhniú ginealaigh bó-ainmhithe sainordaitheach, chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán an ceanglas nach n-úsáidfear ach pórtha Montbéliarde agus Simmental na Fraince (agus crosálaigh díobh), toisc go bhfuil siad oiriúnaithe do na coinníollacha sa limistéar agus go ndearnadh 'Comté' go traidisiúnta as [a mbainne].

Cuireadh isteach nach mór, ón mbliain mhargaíochta 2031/2032 ar aghaidh, bodóg amháin ar a laghad in aghaidh na haicme aoise a thabhairt ar an saol agus a thógáil [go háitiúil] i gcás gach gabháltais agus gach 100 000 lítear bainne in aghaidh na bliana. Is é an rún atá ann dea-shláinte agus leas ainmhithe a áirithiú (rud a chuireann le cáilíocht an bhainne a úsáidtear), trí amanna iompair a theorannú agus dálaí maireachtála cobhsaí a áirithiú, agus saineolas á chaomhnú an tráth céanna.

Cuireadh isteach nach mór aon bhó déiríochta nó aon bhodóg ionlao a cuireadh leis an tréad níos lú ná mí amháin roimh a hionú a bheathú gan beatha choipthe ná OGManna sa mhí sular tháinig siad. Is é an rún atá ann a áirithiú go gcomhlíonfaidh a n-aiste bia na ceanglais sin a leagtar amach sa tsonraíocht táirge sula gcuirfear tús le táirgeadh bainne.

Cuireadh isteach nach féidir ba déiríochta a chur faoi reachtaireacht, chun a áirithiú go ndéantar na ba déiríochta a bhainistiú agus a bheathú i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge ó cheann ceann na bliana. Cuireadh leis, má chuirtear bodóga faoi reachtaireacht, nár cheart beatha choipthe ná OGManna a áireamh ina n-aiste bia ar an bhfeirm óstach. Déantar é sin chun a áirithiú go gcomhlíonann a n-aiste bia an dá cheanglas sin den tsonraíocht táirge ar feadh tréimhse áirithe ama sula gcuirfear tús le táirgeadh bainne.

Cuireadh leis freisin go bhfuil meántáirgeacht bhliantúil an tréada teoranta ag 8 500 lítear bainne a sheachadtar in aghaidh na bó déiríochta in aghaidh na bliana. Is é an rún atá ann srian a chur leis an táirgeacht in aghaidh an ainmhí toisc go gcuireann sé sin teorainn leis an spleáchas ar bheatha a fhoinsítear lasmuigh den limistéar geografach, rud a áirithíonn an nasc leis an limistéar geografach agus, dá bhrí sin, cáilíocht an táirge. Féachann sé freisin le leas ainmhithe a áirithiú, ar príomhionchas tomhaltóirí é, ós rud é go ndéanann an hipeartháirgiúlacht dochar do shláinte ainmhithe. Tá an chaidhp i bhfad níos airde ná an meán a thaifeadtar ar ghabháltais i slabhra soláthair an ATFC 'Comté', ós rud é gurb é an rún atá ann imeacht [ó na gnáthchleachtais] a chosc.

Bainistiú féarthailte agus limistéar foráiste eile

Méadaíodh an limistéar innilte a úsáidtear i ndáiríre ó 1 go 1,3 heicteár in aghaidh na bó déiríochta, chun acmhainní leordhóthanacha a ráthú i dtéarmaí cainníochta agus cáilíochta (trí fheirmeoireacht níos fairsinge) agus chun athléimneacht i leith rioscaí aeráide a threisiú. Sonraíodh freisin go ndéantar an dlús stocála uasta ar ghabháltas ar leith (nach bhfuil aon athrú ar a luach) a ríomh bunaithe ar an líon iomlán aonad beostoic bó ar an ngabháltas sin.

Cuireadh isteach nach mór limistéar foráiste iarbhír nó féideartha 50 acra in aghaidh na bó déiríochta a bheith ag gabháltas laistigh de gha 1,5 km ó na crobhaingí sineadán, chun rochtain éasca ar fhéarach a ráthú do na ba déiríochta agus chun spleáchas ar mheicniú agus ar bhreoslaí iontaise a theorannú.

Cuireadh isteach na modhanna ríofa le haghaidh na tagartha aonair do tháirgiúlacht bainne in aghaidh achar dromchla an ghabháltais chun imthosca éagsúla nár sonraíodh roimhe seo a chur san áireamh (feirmeacha nua, gabháil nó caillteanas achair talún, athchoigeartú riaracháin).

Cuireadh isteach sainmhíniú ar fhéarthalamh buan (féarthalamh nádúrtha nó talamh nár treabhadh ar feadh níos mó ná 5 bliana) agus sonraíodh nach mór 50 % ar a laghad d'achar foráiste an ghabháltais a bheith i gceist leis, chun a áirithiú go gcaomhnófar tromlach na bhféarthailte fadtéarmacha chun an tréad a bheathú.

Cuireadh isteach freisin nach gcuirfear a stádas mar fhéarthalamh buan i mbaol i gcás go ndéanfar ró-shíolú díreach ar fhéarthailte atá níos sine ná 5 bliana d'aois agus a ndearnadh damáiste dóibh, toisc gur féidir leis sin borradh a chur faoin bhflóra atá ann cheana gan aon tionchar diúltach i gceist.

Cuireadh isteach sainmhíniú ar fhéarthalamh sealadach ilspeiceas, i.e. talamh inar síolchuireadh speicis móinéir (cúig speiceas móinéir ilbhliantúla chomhlántacha ar a laghad, lena n-áirítear trí fhéar agus dhá léagúm) ar feadh níos lú ná 5 bliana. Tagann sé in ionad an tsainmhínithe a bhí ann roimhe seo (trí chineál speicis) agus fágann sé gur féidir idirdhealú a dhéanamh idir é agus féarthailte agus barra foráiste eile. Fágann an cineál tír-raoin agus an cineál aeráide atá sa limistéar geografach le haghaidh Comté gur féarthailte den chuid is mó atá ann, agus cuireann éagsúlacht flóra na bhféarthailte sin leis an nasc idir an táirge agus a thimpeallacht gheografach. Ardaíodh an céatadán uasta d'fhéarthailte eile (níos lú ná cúig speiceas) nó barra foráiste atá réasúnta táirgiúil ó 15 % go 20 % chun borradh a chur faoi neamhspleáchas gabháltas, lena n-áirítear i gcás rioscaí aeráide.

Cuireadh isteach nach mór na plandaí a úsáidtear i mbarra eatraimh a bheith ina speicis atá oiriúnach d'innilt. Is é is cuspóir do bharra eatraimh den sórt sin cumhdach ithreach a áirithiú le linn thréimhse an tsamhraidh, tar éis barr gránaigh a bhuain agus go dtí go síolchuirfear móinéar nó an chéad bharr gránaigh eile. Cuireann cumhdach ithreach teorainn le creimeadh, áirithíonn sé ionsú cothaitheach, agus feidhmíonn sé mar aoileach glas. Trína áirithiú go bhfuil barra eatraimh oiriúnach d'innilt, ciallaíonn sé gur féidir iad a úsáid mar bheatha i gcás rioscaí aeráide, rud a chuireann feabhas ar athléimneacht an ghabháltais.

A mhéid a bhaineann le barra toirmiscthe, cuireadh an t-acrainm 'OGM' in ionad an téarma 'trasghéineach'.

Toirchiú foráiste nó limistéar foráiste féideartha agus caomhnú an chomhshaoil

Cuireadh isteach nach mór plean leata cothrom le dáta a bheith ag gach gabháltas ionas go mbeidh faisnéis mhionsonraithe ag gach feirmeoir maidir le leochaileacht a ndáileachtaí talún.

Soiléiríodh liosta na n-aoileach beostoic atá údaraithe lena leathadh ar limistéir foráiste nó ar limistéir foráiste fhéideartha trína theorannú d'aoiligh a tháirgtear ar ghabháltais fhormheasta, nó ar ghabháltais eile sa limistéar geografach ar choinníoll go ndéantar iad a mhúiríniú (is eisceacht é sciodar). Cuireadh isteach toirmeasc ar aoileach ó ainmhithe a bheathaítear le beatha choipthe in oibríochtaí leata, chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na coinníollacha táirgthe ar bheatha ainmhithe a leagtar amach sna sonraíochtaí táirge. Ar an gcúis chéanna, cuireadh leis nach bhféadfar ach aoileach beostoic ó ainmhithe a bheathaítear gan OGManna a úsáid in oibríochtaí leata ón 1 Eanáir 2031 ar aghaidh. Tugann an dáta sin am do na táirgeoirí dá ndéantar difear a gcórais bheathaithe a chur in oiriúint don srian nua sin.

Cuireadh isteach trína n-údaraítear díleáiteáin ó aonaid mheatánaithe lena leathadh, ar choinníoll go bhfuil siad suite ar ghabháltais atá deimhnithe le haghaidh táirgeadh bainne don ATFC nó go bhfuil siad faoi chomhúinéireacht feirmeacha den sórt sin, nó go bhfuil siad suite ar fheirmeacha muc atá saor ó OGManna atá suite laistigh den limistéar geografach a dhéanann athrú ar chuspóir meidhg a fhaightear ó ghléasraí cáiseoireachta an ATFC.

Ní mór na hionchuir a úsáidtear sna díleáiteoirí a fháil sa limistéar geografach agus ní mór na nithe seo a leanas amháin a bheith iontu:

— aoileach ó ainmhithe a bheathaítear gan bheatha choipthe, ina bhfuil 60 % ar a laghad d'ionchuir de réir tonnáiste (saor ó OGManna ón 1 Eanáir 2031);

— uisce déiríochta, meadhg, bainne, saillte agus sloda gléasra íonúcháin a chomhlíonann na coinníollacha thuas;

— dramhaíl lónadóireachta, ar choinníoll go ndéantar í a shláintiú go córasach roimh ré; seachas sin, ní cheadaítear ach dramhaíl phlandabhunaithe;

— plandaí neamhchoipthe: dramhaíl ghlas, dramhaíl barr, foráiste salaithe, barra breise chun críoch fuinnimh.

Leis na forálacha sin uile maidir le díleáiteáin ó mheatánóirí, is féidir a áirithiú go bhfuil sreafaí ábhair comhsheasmhach laistigh den ghabháltas agus de shlabhra táirgeachta an ATFC agus nach mbeidh díleáiteáin den sórt sin ina bhfoinse truaillithe ar na dáileachtaí talún.

Cuireadh isteach gurb é sloda ó ghléasraí a dhéanann cóireáil ar eisiltigh agus amhábhair ó shaoráidí próiseála ATFC amháin an t-aon sloda údaraithe ó ghléasraí íonúcháin ón 1 Eanáir 2031. I measc nithe eile, tá sé i gceist éilliú ó phataiginí an duine agus ó thruailleáin cheimiceacha a sheachaint, agus an lúb ábhair a dhúnadh i gcomhréir le prionsabal an gheilleagair chiorclaigh.

Cuireadh leis gur leasacháin tráchtála, feabhsaitheoirí cailciam agus maignéisiam, agus luaith ó choire adhmaid ón limistéar geografach iad na leasacháin údaraithe eile, chomh maith le dramhaíl ghlas a tháirgtear ar an ngabháltas, ar choinníoll go ndéantar an luach agranamaíoch agus leibhéil an mhiotail throm a logáil agus go ndéantar faireachán orthu uair sa bhliain. Is é is cuspóir don mhéid sin an cleachtas atá ann cheana a chur ar bhonn foirmiúil.

Laghdaíodh an leasú nítrigine sintéisí le haghaidh féarthailte ó 50 go 40 aonad in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana, agus laghdaíodh an leasú nítrigine iomlán ó 120 go 100 aonad in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana i gcás gach dáileachta talún – cé is moite de dháileachtaí talún nach leatar ach eisiltigh sholadacha (múirín nó aoileach) orthu, a bhféadfaí suas le 120 aonad nítrigine in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana a leathadh orthu. Is é is aidhm don fhoráil sin teorainn a chur leis an riosca a bhaineann le láisteadh nítrigine nó galú nítrigine agus le truailliú dobharlach i limistéir charst masaíf Jura, atá an-leochaileach.

Sonraíodh má phróiseáiltear eisiltigh trí úsáid a bhaint as pasdeighilteoir, go gcaitear leis an bpas leachtach mar eisilteach leachtach agus go gcaitear leis an bpas soladach mar aoileach nó mar mhúirín.

Cuireadh leis go bhfuil feidhm ag an líon uasta úsáidí maidir le haoileach orgánach, chun aon débhríocht a sheachaint agus seiceálacha á ndéanamh.

Ar deireadh, ní mór anailís a dhéanamh ar gach eisilteach gach 3 bliana, bunaithe ar luachanna agranamaíocha, chun rátaí comhsheasmhacha úsáide a áirithiú.

Cuireadh isteach nach féidir leasacháin ar mhórán nítrigine atá ar fáil go héasca (leasacháin shintéiseacha, eisiltigh leachtacha, múirín salachair éanlaithe clóis) a leathadh go dtí go sroicheann suim na dteochtaí deimhneacha ón 1 Eanáir 200 °C don earnáil lena mbaineann, toisc go n-aithnítear an dáta a shroichtear an teocht charnach sin san agranamaíocht mar an dáta a thosaíonn an séasúr fáis. Roimh an dáta sin, ní ionsúnn fásra leasacháin agus tá siad fós intuaslagtha, rud a fhágann go bhfuil ardriosca truaillithe comhshaoil i gceist.

Cuireadh leis nach féidir aon sciodar a leathadh ar shneachta agus nár cheart sciodar a leathadh ar ithir reoite, chun truailliú a sheachaint a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'éiceachóras an charst sa limistéar geografach.

Sloinneadh an t-am idir aoileach a leathadh agus feirmeoireacht a dhéanamh ar limistéar foráiste i laethanta (30 lá seachas mí amháin i gcás aoileach orgánach, 21 lá seachas 3 seachtaine i gcás aoileach mianrach sintéiseach), chun an riail a dhéanamh níos éasca a thuiscint agus seiceálacha á ndéanamh. Cuireadh leis freisin nach mór tréimhse 30 lá a urramú tar éis d'éanlaith chlóis dul trí dháileacht talún. Is é an sprioc atá ann éilliú a sheachaint.

A mhéid a bhaineann leis an bhforáil lena dtoirmisctear gach cóireáil sa mhí roimh an mbuain, sonraíodh go bhfuil feidhm ag an toirmeasc sin maidir le limistéir foráiste a d'fhéadfadh a bheith ann chomh maith le limistéir foráiste iarbhír.

Cuireadh leis freisin go bhfuil toirmeasc ar scriosadh ceimiceach féarthalún ag luibhicíd neamhroghnaitheach chun an comhshaol agus an tsláinte a chosaint, ach go bhfuil cóireálacha logánta ina n-úsáidtear luibhicídí roghnaitheacha údaraithe chun fiailí a chomhrac.

Beatha don tréad déiríochta

Chun na téarmaí a úsáidtear a shoiléiriú, sainmhíníodh 'iontógáil bhunúsach' mar gach cineál foráiste agus 'iontógáil iomlán' mar an iontógáil bhunúsach móide gach beatha fhorlíontach. Cuireadh leis go dtagraíonn na céatadáin don ábhar tirim.

Ardaíodh céatadán an fhoráiste a fhaightear ón limistéar geografach ó 70 % go 80 %, agus cuireadh leis nach mór 70 % den fhoráiste sin teacht ón ngabháltas. Leis an gceanglas go bhfoinseofaí 80 % den fhoráiste ón limistéar geografach, déantar na cleachtais a úsáideann táirgeoirí a chur ar bhonn foirmiúil agus leis an gceanglas go bhfoinseofaí 70 % den fhoráiste ar an ngabháltas, cuidítear le leanúnachas feirmeacha ilchuspóireacha a bhfuil saineolas traidisiúnta ag a dtáirgeoirí a bhaineann le feirmeoireacht stoic agus le táirgeadh foráiste a áirithiú.

Laghdaíodh céatadán an fhoráiste ón limistéar in aiste bia na mbó déiríochta ó 100 % go 95 %, in oirchill rioscaí aeráide a d'fhéadfadh a bheith ann.

Cuireadh leis sin go gcuirtear na ba seasca ar féarach ar feadh 15 lá ar a laghad le linn an tséasúir innilte chun aiste bia leanúnach beatha féir a áirithiú.

Cuireadh leis go dtógann gach gabháltas a fhoráiste féin ar ais sa chás go soláthraítear seirbhís triomúcháin tríú páirtí, ar foráiste é nár cheart 15 % d'fhoráiste iomlán an ghabháltais a shárú, chun saineolas ar tháirgeadh foráiste a chaomhnú ar an ngabháltas.

A mhéid a bhaineann le beathú glas, cuireadh leis nach n-údaraítear an cleachtas sin roimh an 1 Meitheamh, agus nár cheart é a dhéanamh níos mó ná 75 lá in aghaidh na bliana. Measann an grúpa go bhféadfadh sé go gcuirfí teorainn le hinnilt mar thoradh ar chleachtas an bheathaithe ghlais, dá dtabharfaí chun foircinn é. Ina theannta sin, ní cheadaítear féar lomtha agus arbhar Indiach glas a dháileadh an lá céanna. Ní mór arbhar Indiach glas a tháirgeadh go hiomlán ar an ngabháltas chun a áirithiú gur cleachtas teoranta fós é saothrú arbhair Indiaigh ghlais — arbh annamh é go stairiúil sa limistéar geografach.

A mhéid a bhaineann le biatas farae, cuireadh leis nach mór é a fháil sa limistéar geografach agus nach ndáilfear é ach amháin le linn thréimhse an gheimhridh, suas le huasmhéid 3 kg d'ábhar tirim in aghaidh na bó in aghaidh an lae le linn na tréimhse lena mbaineann. Cé go n-aithníonn an grúpa gur barra coitianta, neamhshonracha agus gur barra mionlaigh iad biatais farae, cosúil le harbhar Indiach glas, a úsáidtear sa chleachtas, measann sé nár cheart iad a chur in ionad foráiste tirim.

Maidir le foráiste toirmiscthe, sonraíodh go bhfuil feidhm ag na toirmisc maidir leis na hainmhithe uile ar an ngabháltas. Cuireadh síneadh leis an liosta plandaí a bhfuil éifeacht dhíobhálach acu ar bhlas chun tograí tráchtála nua a áireamh; cuireadh raidisí (arna ngrúpáil in éineacht le plandaí eile ón bhfine *Brassica*), searbháin, biatais dhearga agus siúcra, agus prátaí isteach.

Cuireadh síneadh leis an liosta beathaí forlíontacha a bhfuil toirmeasc orthu chun tograí tráchtála nua a áireamh: cuireadh siúcraí íona, giostaí gníomhacha nó neamhghníomhacha, gliocól monapróipiléine agus molás isteach. Is mian leis an ngrúpa gan beatha shaorga a áireamh in aiste bia na n-ainmhithe toisc go rachadh sé sin in aghaidh cleachtais thraidisiúnta agus go ndéanfadh sé dochar do cháilíocht an bhainne. Sonraíodh freisin go bhfuil feidhm ag na toirmisc sin ó cheann ceann na bliana maidir le gach bó-ainmhí ar an ngabháltas.

Tugadh liosta na n-amhábhar agus na gcomhábhar eile cothrom le dáta freisin, agus tús áite á thabhairt d'amhábhair den scoth chun cáilíocht an bhainne a chaomhnú: Cuireadh na folimistéir seo a leanas isteach: eorna (ó tháirgeadh stáirse, ó ghrúdaireacht nó ó dhrioglann), arbhar Indiach (ó ghrúdaireacht nó ó dhrioglann), speilt (ó ghrúdaireacht nó ó dhrioglann), sorgam, muiléad, crotail ruáin, gallchnónna, caimilín, síolta cnáibe agus puimcín, féar díhiodráitithe ó fhéarthailte áitiúla, plandaí iomlána léagúm díhiodráitithe, agus créanna. Ní cheadaítear mianraí foinse nítrigine neamhphróitéine. Baineadh amhábhair ar chaighdeán íseal (ola pailme, ola copra, agus ola cróch bréige). Tugadh liosta na gcomhábhar údaraithe le haghaidh bainne púdrach cothrom le dáta freisin. Cuireadh leis go bhfuil na beathaí forlíontacha sin le stóráil in áit ghlan, thirim agus aeráilte.

Sonraíodh nach n-údaraítear i mbeatha ainmhithe ach plandaí agus beatha fhorlíontach a dhíorthaítear ó tháirgí nach bhfuil faoi réir an cheanglais lipéadaithe a leagtar síos sna rialacha maidir le OGManna (orgánaigh ghéinmhodhnaithe), seachas 'trasghéineach', mar atá sa leagan atá ann cheana den tsonraíocht táirge. Tá toirmeasc freisin ar amhábhair agus ar chomhábhair OGM, bídís díorthaithe ó OGManna nó táirgthe uathu.

Bleán, cáilíocht bainne agus leas ainmhithe

Cuireadh leis nach mór trealamh agus limistéar bleáin a bheith ag an ngabháltas atá tiomnaithe dá thréad féin amháin, ionas gur féidir tionscnamh an bhainne a ráthú.

Leasaíodh an fhoráil maidir le bliteoirí róbatacha ar mhaithe le soiléireacht: tá toirmeasc ar bhliteoirí róbatacha a bheith ar an ngabháltas (ní ar a n-úsáid).

Scriosadh an fhoráil lenar cuireadh toirmeasc ar bhleán féinseirbhíse toisc nach bhfuil gá léi a thuilleadh. Scriosadh an toirmeasc ar fhoráiste a dháileadh le linn bleáin freisin, toisc go meastar anois go bhféadfadh foráiste a bheith ina fhoinse flóra úsáidigh.

Scriosadh an ceanglas faoinar ghá siní a ghlanadh roimh bhleán agus cuireadh oibleagáid toraidh ina ionad: ní mór na sineadáin a bheith glan agus tirim. Cuireadh leis freisin nach mór siní a ghlanadh agus nach mór na sineadáin a cheangal de láimh. Is é is cuspóir do na forálacha sin an flóra baictéarach sa bhainne a chaomhnú; tá láithreacht aireach an duine ag an gcéim an-chriticiúil sin tábhachtach freisin ar chúiseanna sláinte agus leasa ainmhithe.

Athraíodh foclaíocht na forála maidir le trealamh bleáin chun a shonrú go bhfuil feidhm aici ní hamháin maidir le stóráil bainne ach maidir le céim an iompair freisin.

Leasaíodh a mhinice a bhíonn na líneálacha bleáin le hathrú chun ábhair éagsúla a bhfuil saolréanna éagsúla acu a chur san áireamh. Sonraíodh go mbaineann an tseiceáil go bhfuil an trealamh bleáin ag obair i gceart ní hamháin leis an trealamh seasta ach leis an trealamh soghluaiste freisin, gur cheart é a dhéanamh gach bliain (seachas gach 2 bhliain) agus go ndéanfar na deisiúcháin mholta laistigh den mhí dár gcionn, chun a ráthú go n-oibreoidh an córas i gceart.

Rinneadh an fhoráil maidir le táirgí díghalráin a údarú i gcás inar gá sa tsonraíocht táirge atá ann cheana a fhorlíonadh le míniú ar an gcaoi a bhfuil imthosca den sórt sin le sainiú.

Cuireadh isteach nach mór ba déiríochta atá lonnaithe i stallaí stáinsí a scaoileadh saor faoi dhó sa tseachtain ar a laghad nuair is féidir sin de réir na ndálaí, chun leas ainmhithe a áirithiú.

Réamhchoinníollacha maidir le bainne a phróiseáil ina Comté

Cuireadh na ceanglais seo a leanas isteach le haghaidh na ngabháltas: níor cheart beatha choipthe ná OGManna a bheith ite ag na ba déiríochta; ní mór an bleán a bheith déanta gan díghalrán ar feadh 1 bhliain amháin ar a laghad; ní mór do chomhalta amháin den ghabháltas a bheith in ann a chruthú go bhfuil taithí 1 mhí amháin ar a laghad aige ar bhleán, agus ní mór na rialacha maidir le leasú a leagtar amach sa tsonraíocht táirge a bheith comhlíonta ar feadh 1 bhliain amháin ar a laghad, chun cás na bhfeirmeoirí neamhdhéiríochta a bhfuil tús á chur le táirgeadh bainne acu a chur san áireamh.

Bailiú bainne

Cuireadh leis nach mór na humair, na caidéil agus na píopaí a bheith déanta as cruach dhosmálta agus sonraíodh go bhféadfar iad a úsáid chun uisce óil chomh maith le bainne agus meadhg a iompar.

Déanfar iniúchadh ar na hábhair gach bliain, agus beidh oibleagáid ann aon deisiúchán a dhéanamh laistigh den mhí dár gcionn. Tá sé i gceist leis na forálacha sin uile cáilíocht an bhainne a ráthú ag céim an bhailithe.

Sonraíodh na coinníollacha a bhaineann leis na botháin bhleáin le haghaidh na ngléasraí cáiseoireachta i gcás ina dtagann teagmhais chun cinn a chuireann cosc ar an gcáiseoireacht sna gnáthshaoráidí.

Ar deireadh, cuireadh isteach, nuair a bhailítear bainne nach bhfuil comhoiriúnach le táirgeadh Comté, go gceadaítear leis na hurranna bainne a aistriú agus samplaí a thógáil agus go n-áirithítear an tráth céanna go gcoinnítear scartha go docht é.

Próiseáil bainne

Cuireadh isteach sainmhíniú ar ‘ghléasra cáiseoireachta’ agus sonraíodh nach mór é a bheith ar leithligh ó aon saoráid eile ón bpointe ina bhfaightear bainne go dtí céim an mhúnlaithe, chun deighilt ó tháirgí eile go dtí an chéim inar féidir an cháis a mharcáil a áirithiú. Cuireadh eisceacht leis an riail nach gceadaítear ach bainne atá oiriúnach do tháirgeadh Comté a thabhairt isteach sa ghléasra cáiseoireachta, toisc gur féidir bainne a choimeádtar ag raon teochta difriúil a thabhairt isteach ar laethanta nach bhfuil aon Comté á tháirgeadh.

Cuireadh leis go gceanglaítear ar cháiseoir sainaitheanta a bheith i láthair le linn an phróisis táirgthe ón uair a thagann an bainne isteach sa dabhach go dtí céim an mhúnlaithe. Déanfaidh an duine sin cinntí chun a ráthú go leanfar an modh táirgthe traidisiúnta, agus comhdhéanamh athraitheach an bhainne á chur san áireamh an tráth céanna. Cuireadh leis freisin go bhfuil measúnú le déanamh ar raimhre an ghrutha de láimh agus gurb é sin a chinneann luas agus fad na céime ina ngearrtar na gruthanna agus an nóiméad a scarfar ón meadhg iad agus a bhogfar go dtí na múnlaí iad. Ceanglaítear ar cháiseoirí nua freisin tabhairt faoi oiliúint sa slabhra soláthair sa bhliain sula dtéann siad i mbun a ndualgas nó sa bhliain ina dhiaidh sin. Déantar é sin chun a áirithiú go gcoinneofar saineolas agus go mbeidh na páirtithe uile sa slabhra soláthair rannpháirteach san iarracht chomhchoiteann.

Cuireadh leis go sainítear acmhainneacht tháirgiúil an ghléasra cáiseoireachta ar bhonn acmhainneacht tháirgiúil na ngabháltas a sheachadann bainne chuige, acmhainneacht a sainíodh roimhe sin ar bhonn an achair dromchla atá ar fáil do na gabháltais. Cuireadh leis go bhfuil fás céatadáin acmhainneacht tháirgiúil na ngléasraí cáiseoireachta comhréireach go hinbhéartach lena méid. Cuireadh rialacha speisialta isteach maidir le cathain a thosaíonn gléasraí cáiseoireachta ag obair le feirmeacha [nua] nó le feirmeacha atá deimhnithe as an nua le haghaidh táirgeadh ATFC (níl feidhm ag aon teorainn) agus maidir le cás ina ndéantar gléasraí cáiseoireachta a chumasc freisin. Is é sprioc na mbeart sin dlúthlíonra gléasraí cáiseoireachta a chaomhnú, agus ar an gcaoi sin cáilíocht an táirge agus éagsúlacht na mblasanna a bhíonn ar an táirge a ráthú.

Cuireadh leis go n-áireofar leis an trealamh sa ghléasra cáiseoireachta siléar réamhaibithe agus córas chun teocht, bogthaise agus brú a thomhas. Chun soiléiriú a dhéanamh ar na ceanglais atá le comhlíonadh ag na gléasraí cáiseoireachta, sonraíodh freisin go bhfuil sé sainordaitheach uisce óil a úsáid chun an trealamh uile a ghlanadh agus a shruthlú. Cuireadh ceanglas maidir le dabhcha oscailte a úsáid in ionad an toirmisc ar úsáid dabhcha dúnta i gcáiseoireacht. Ar na cúiseanna céanna, sonraíodh nach féidir aon rud a chur leis an mbainne ach an tús gabhála agus an bhinid.

Chun a shonrú conas a úsáidfear iad, soiléirítear an téarma ‘meán bainne’ mar mheán saothrúcháin le haghaidh túis ghabhála chun meadhg amh nó teirmithe, ‘recuite’ (meadhg atéite) agus bainne a údarú. Cuirtear leis freisin nár cheart toirt iomlán na dtús gabhála éagsúil a bheith níos mó ná 0,5 % de thoirt an bhainne a úsáidtear le haghaidh táirgeadh. Ar deireadh, cuireadh leis nach mór na túis ghabhála, na meáin saothrúcháin agus an bhinid uile a bheith saor ó OGManna nó ó sheachtháirgí OGM, nár cheart iad a bheith díorthaithe ó OGManna, agus nár cheart nana-ábhair a bheith iontu.

Cuireadh isteach go bhfuil scagachán bainne sainordaitheach sula gcuirtear i ndabhach é chun a áirithiú go gcoinneofar aon eilimint atá níos mó ná 250 µm. Cuirtear leis go sainmhínítear an t-am aibithe mar an tréimhse idir tús líonadh na daibhche agus cur isteach na binide, a mhaireann 40 nóiméad ar a laghad, agus gurb é 15 nóiméad an t-am corraithe íosta, chun teagmháil a spreagadh idir an t-amhábhar agus an dabhach chopair. Socraítear an teocht téimh ag 57 °C ar a mhéad chun flóra an bhainne amh a chaomhnú.

Cuireadh leis go bhfuil plátaí cáiséine le greamú de sháil gach rotha le linn chéim an mhúnlaithe. I gcás sailleadh le gráin, sonraíodh nach mór an sailleadh tosaigh a dhéanamh de láimh. Maidir le tumshailleadh, cuireadh ceanglais isteach maidir le teocht, dlús agus ráta athnuachana an tsáile. Méadaíodh an uasteorainn ama chun flóra miocróbach dromchla a bhunú ar an dara taobh den cháis ó 36 go 60 uair an chloig. Fanann an teorainn sin don chéad taobh gan athrú ag 36 uair an chloig. Is leasú eagarthóireachta é sin ar an dá mhodh saillte a cheadaítear.

Cuireadh leis go socraítear an sprioc-am uasta chun an roth cáise a chur ar chlár sprúis mar an 4ú lá tar éis an dáta ar a dtáirgtear é, agus nach mór na rothaí a aistriú chuig saoráid aibithe dheimhnithe faoin 50ú lá ar a dhéanaí, agus gurb idir 35 kg agus 45 kg meáchan na gcáiseanna ag an bpointe sin.

Aibiú

Cuireadh sainmhíniú isteach le haghaidh an tseomra aibithe, lena sonraítear nach mór limistéar a áireamh ann ina bhfaightear agus ina meáitear na cáiseanna, trí shiléar ar leithligh chun a áirithiú go ndéantar na trí chéim aibithe an tráth céanna, agus limistéar ina n-ullmhaítear na cáiseanna lena ndíol.

Cuireadh leis nach mór do mhaoirseoir aitheanta grádaithe a bheith i láthair le linn chéim shórtála na gcáiseanna. Ní mór don duine sin a chinneadh freisin cathain a thiocfaidh deireadh leis an gcéim aibithe, chun an modh táirgthe traidisiúnta a ráthú. Ceanglaítear ar mhaoirseoirí nua grádaithe freisin tabhairt faoi oiliúint sa slabhra soláthair laistigh de bhliain amháin tar éis dóibh dul i mbun a ndualgas. Déantar é sin chun a áirithiú go gcoinneofar saineolas agus go mbeidh na páirtithe uile sa slabhra soláthair rannpháirteach san iarracht chomhchoiteann.

Cuireadh leis nach mór córas a bheith sa seomra chun teocht agus bogthaise a rialáil, chomh maith le teirmiméadar. Chun na ceanglais atá le comhlíonadh ag na seomraí a shoiléiriú, sonraíodh freisin go bhfuil sé sainordaitheach uisce óil a úsáid chun na cláir a ghlanadh. Cuireadh leis freisin go bhfuil an tuaslagán cuimilte le coimeád ag uasteocht 13 °C, agus nach mór an flóra a úsáidtear chun é a dhéanamh a bheith saor ó OGManna. Baineann sé sin freisin leis na meáin saothrúcháin, nach mór a bheith saor ó nana-ábhair freisin.

Cuireadh eisceacht isteach freisin maidir le cead cáiseanna 'Comté' amháin a thabhairt isteach sa seomra, ag sonrú go gceadaítear cáiseanna brúite cócaráilte a bhfuil marcanna cáilíochta orthu. Cuireadh leis nach mór na luchtóga cáise a chur trí thrí chéim i ndiaidh a chéile: réamhaibiú (a thosaíonn sa ghléasra cáiseoireachta) go dtí an 21ú lá ar a laghad tar éis táirgeadh, coipeadh agus aibiú, agus dálaí teochta á sainiú le haghaidh gach ceann de na céimeanna sin. Sonraíodh go mbaineann luachanna íosta foriomlána agus blais le cáiseanna i bhformáid rotha nó le cáiseanna a roinneadh den chuid is mó. Tá an dara scála ann, ar cuireadh na luachanna íosta isteach ina leith, atá le húsáid le haghaidh cáis ghrátáilte, tar éis aicmiú tosaigh na gcáiseanna.

Cuireadh leis go bhfuil lipéad rotha (nó fillteán) le greamú den cháis ag deireadh an phróisis aibithe ionas gur féidir an táirge a shainaithint, ach go bhfuil an lipéad sin, agus an banda priontáilte seachtrach, roghnach nuair a dhíoltar na rothaí idir oibreoirí deimhnithe, nó nuair atá sé beartaithe iad a réamhphacáistiú nó a phróiseáil a thuilleadh.

Roinnt agus pacáistiú

Cuireadh isteach sainmhíniú ar 'ghléasra roinnte agus pacáistithe', lena sonraítear gurb é an suíomh é ní hamháin don chéim réamhphacáistithe, ach freisin lena roinnt lena dhíol le hoibreoirí a úsáideann an cháis gan phróiseáil.

Cuireadh isteach nach mór do mhaoirseoir líne táirgthe sainaitheanta a bheith i láthair le linn oibríochtaí roinnte agus réamhphacáistithe, ionas gur féidir cáilíocht na cáise sna céimeanna sin a ráthú. Ceanglaítear freisin ar mhaoirseoirí líne táirgthe nua tabhairt faoi oiliúint sa slabhra soláthair laistigh de bhliain amháin tar éis dóibh dul i mbun a ndualgas. Déantar é sin chun a áirithiú go gcoinneofar an saineolas agus go mbeidh na páirtithe uile sa slabhra soláthair rannpháirteach san iarracht chomhchoiteann.

Cuireadh síneadh leis an uastréimhse ar ina diaidh is féidir na rothaí a roinnt ó 15 lá go mí amháin, toisc go n-áirithítear leis sin gur féidir cáilíocht an táirge a ráthú. Ar deireadh, cuireadh isteach na coinníollacha chun cóireáil a dhéanamh ar fhuíollghearrthóga, an oibleagáid Comté grátáilte a choinneáil i dtámhghás, agus an toirmeasc ar aon rud a chur le codanna réamhphacáistithe, chun cáilíocht a ráthú.

Sa doiciméad aonair, scriosadh an abairt lenar ceadaíodh roinnt agus grátáil lasmuigh den limistéar, toisc nach bhfuil gá leis.

☑Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Mionsonraí a dhearbhaíonn an nasc leis an timpeallacht gheografach

Tuairisc

Cé gur leasaíodh foclaíocht na roinne seo, ní dhearnadh aon athrú ar an nasc leis an limistéar geografach.

Cuireadh leibhéil an ábhair thirim agus an ábhair salainn don cháis isteach sa doiciméad aonair, toisc go gcuidíonn siad le cuid dá saintréithe a mhíniú.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tagairtí do na comhlachtaí cigireachta

Tuairisc

Tugadh sonraí teagmhála na seirbhísí cigireachta cothrom le dáta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Na mionsonraí lipéadaithe sonracha

Tuairisc

A mhéid a bhaineann leis na sonraí sainordaitheacha, cuireadh isteach ráiteas ina luaitear go bhfuil feidhm acu sin maidir le 'Comté' i ngach formáid chur i láthair. Cuireadh isteach freisin nach mór an t-ainmniúchán agus siombail 'ATFC' an Aontais Eorpaigh a bheith le feiceáil sa réimse radhairc céanna ar an lipéadú, chun críoch fhaisnéis na gcustaiméirí.

Ní mór an teocht stórála le haghaidh na cáise a lua ann freisin, i.e. idir 4 °C agus 8 °C, toisc gurb iad sin na teochtaí a leanann na hoibreoirí a chuireann an cháis ar an margadh.

Sonraíodh nach mór siombail ATFC an Aontais Eorpaigh agus lógó an ghrúpa a bheith ar taispeáint sna bandaí priontáilte seachtracha freisin. Ní mór ainm agus seoladh an aibitheora (nach mór a bheith suite sa limistéar geografach) a bheith ar taispeáint go soiléir ar rothaí na cáise freisin, agus ní mór do na bandaí sin fanacht ar an gcáis go dtí céim chur i láthair an tomhaltóra.

Sonraíodh nach mór ainm agus seoladh an oibreora dheimhnithe de réir bhrí Airteagal 37(5) de Rialachán (AE) 2024/1143 a bheith san áireamh i gcodanna réamhphacáistithe, mar aon le hainm agus lógó an ghrúpa ar aghaidh na pacáistíochta.

A mhéid a bhaineann leis na sonraí neamh-shainordaitheacha, cuireadh isteach nach bhfuil sé sainordaitheach an tréimhse aibithe a léiriú. Mar sin féin, má áirítear an fhaisnéis sin, ní mór an líon íosta míonna a chaith an cháis i siléar aibithe Comté-dheimhnithe a léiriú agus a lua go gcomhfhreagraíonn aois na cáise don dáta a chuireann an t-oibreoir deireanach sa slabhra soláthair ar an margadh í.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglais náisiúnta

Tuairisc

Tugadh na príomhphointí rialaithe cothrom le dáta i bhfianaise na n-athruithe ar dhálaí táirgeachta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Comté'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-0116-AM01 — 16.2.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Comté'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

4. Tuairisc ar an táirge talmhaíochta

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0406 – Cáis agus gruth

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Déantar 'Comté' go hiomlán as bainne iomlán bó a úsáidtear i riocht amh. Is cáis é ina mbíonn taos brúite cócaráilte a shaillt ear ar an dromchla nó a shaillt ear faoi sháile. Tráth na margaíochta, a tharlaíonn tar éis íostréimhse aibithe 120 lá, bíonn dath idir eabhar agus buí ar thaos na cáise, a mbíonn 'hoscailt' ann uaireanta a d'fhéadfadh a bheith chomh mór le silín beag.

Ní údaraítear ach bainne, túis ghabhála, binid agus salann chun Comté a tháirgeadh.

Bíonn íosmhéid 45 g agus uasmhéid 54 g saille in aghaidh 100 g cáise in 'Comté' tar éis triomú iomlán agus níor cheart meáchan níos lú ná 62 g in aghaidh 100 g cáise a bheith san ábhar tirim. Ní lú an t-ábhar salainn ná 0,6 g de chlóiríd sóidiam in aghaidh 100 g de cháis. Ní mó ná 54 % cion taise na cáise díshaillte.

Próitéilíseas: Déantar aibiú ar bhealach chun craiceann screimhe a bhaint amach agus chun leibhéal próitéilísis a bhaint amach arna thomhas le hinnéacs aibíochta íosta (IA) atá níos mó ná 850 micreamól glicín in aghaidh an ghraim d'ábhar tirim neamhshaille nó cothrom leis, arna ríomh trí úsáid a bhaint as an modh aigéid TNBS (aigéad sulfónach 2,4,6-trínítribeinséine) nó as an modh ionstraime infridhearg.

Cuirtear 'Comté' i láthair i bhfoirm rotha a mbíonn idir 32 agus 45 kg meáchain ann agus a mbíonn trastomhas idir 55 agus 75 cheintiméadar aige agus sáil dhíreach nó beagán dronnach idir 8 agus 13 cm ar airde. Bíonn craiceann sciúrtha, soladach agus gráinneach air agus bíonn dath air atá idir ócar buí agus donn. Níor cheart lár na cáise a bheith níos mó ná 1,4 uair níos airde ná imeall seachtrach na cáise.

Féadfar 'Comté' a chur i láthair freisin i sciartha pacáistithe nó grátáilte, nó in aon stíl roinnte eile. Cuirtear i láthair an tomhaltóra é i gcónaí ina staid amh agus ag teocht dheimhneach.

Is casta an blas a bhíonn ar 'Comté'. Cé go mbíonn gnéithe céadfacha ginearálta na rothaí uile mar an gcéanna, is iad sin mionbhlasanna torthaíocha, bainniúla agus rósta, ní mar a chéile aon dá roth 'Comté'. Is féidir idirdhealú a dhéanamh idir sé phríomhghrúpa dea-bholaithe in 'Comté' (torthaíoch, bainniúil, rósta, plandúil, amhail ainmhíoch, spíosrach) agus bíonn níos mó ná 90 miondifríocht i gceist leo.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

I bhfianaise na srianta a bhfuil feidhm acu maidir le beatha na mbó déiríochta, tagann thart ar 65 % dá n-iontógáil ábhair thirim bhliantúil ón limistéar geografach.

Fágann an cineál rilífe agus an cineál aeráide atá sa limistéar geografach nach féidir go teicniúil a mbeatha fhorlíontach uile a tháirgeadh ann. Chun oiriúnú níos fearr do rioscaí a bhaineann leis an aeráid, féadfar 5 % den fhoráiste a itheann na ba déiríochta a foinsiú lasmuigh den limistéar.

Ós rud é go dtagann an chuid is mó de chion bunúsach na mbó déiríochta ón limistéar geografach agus go bhfuil an bheatha ainmhithe fhorlíontach teoranta go docht, tá tionchar teoranta ag na tosca seachtracha sin ar na saintréithe atá ann go bunúsach mar thoradh ar an timpeallacht gheografach.

Chun dlúthnasc a ráthú idir an réigiún agus an táirge trí bheatha shonrach ón limistéar geografach a úsáid, tá beatha fhorlíontach teoranta do 1 800 kg in aghaidh na bó déiríochta in aghaidh na bliana agus foinsítear 95 % ar a laghad den fhoráiste a thugtar do na ba déiríochta sa limistéar geografach.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Táirgtear an bainne agus déantar na cáiseanna a mhonarú agus a aibiú sa limistéar geografach.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

I gcás réamhphacáistithe, ní mór roinnt agus/nó grátáil a dhéanamh sa limistéar geografach i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa tsonraíocht táirge.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Sonraí sainordaitheacha

I dteannta na sonraí sainordaitheacha a cheanglaítear leis na rialacha maidir le lipéadú agus cur i láthair bia-ábhar, ní mór an méid seo a leanas a áireamh ar lipéadú 'Comté' in aon fhormáid chur i láthair sa réimse radhairc céanna:

— ainm an ainmniúcháin tionscnaimh i gcarachtair atá dhá thrian de mhéid na gcarachtar is mó ar an lipéad ar a laghad;

— siombail 'ATFC' an Aontais Eorpaigh, agus na focail 'Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint' mar rogha.

Ní mór na nithe seo a leanas a ghreamú de gach roth:

— Banda priontáilte seachtrach donn nó glas ar a bhfuil lógó [cloigíní beaga] 'Comté clochettes' (trádmharc cláraithe). Ní mór siombail ATFC an Aontais Eorpaigh a bheith le feiceáil ar na bandaí sin freisin.

— Lipéad rotha a léiríonn go soiléir ainm agus seoladh an aibitheora (nach mór a bheith suite sa limistéar geografach).

Ní fhéadfar, i gcás ar bith, an lipéad ná na bandaí priontáilte seachtracha a bhaint roimh chéim an chur i láthair don tomhaltóir deiridh ná lena linn.

Ní mór an méid seo a leanas a thaispeáint ar lipéadú gach roinnte réamhphacáistithe tomhaltóirí:

— an t-ainmniúchán 'Comté' agus lógó na gcloigíní beaga 'Comté clochette' i ndath glas ar aghaidh na pacáistíochta;

— ainm agus seoladh an oibreora de réir bhrí Airteagal 37(5) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní mór teocht stórála an táirge a léiriú ar an lipéadú mar a leanas: Stóráil idir 4 °C agus 8 °C.

Sonraí neamh-shainordaitheacha

Níl sé sainordaitheach an tréimhse aibithe a léiriú. Má áirítear an fhaisnéis sin, ní mór a léiriú gurb é an líon íosta míonna atá caite ag an gcáis i siléar aibithe Comté-dheimhnithe.

Dá bhrí sin, comhfhreagraíonn aois na cáise don dáta a chuireann an t-oibreoir deireanach sa slabhra soláthair ar an margadh í. Ní fhéadfar an fhaisnéis sin a chur i bhfoclaíocht eile ná a athrú. Forchoimeádtar na focail 'arna aibiú ag' le haghaidh aibitheoirí deimhnithe atá lonnaithe sa limistéar geografach le haghaidh an ATFC 'Comté'.

Faisnéis thoirmiscthe

Tá toirmeasc ar aon téarma nó tagairt eile a ghabhann leis an ainmniúchán a úsáid ar an lipéadú agus i bhfógraíocht, sonraisc nó doiciméid tráchtála le haghaidh an ATFC, cé is moite de thrádmharcanna sonracha.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Ní mór na céimeanna táirgthe bainne, cáiseoireachta agus aibithe, roinnte agus grátála (i gcás réamhphacáistiú amháin) a dhéanamh sa limistéar geografach a d'fhormheas an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag

cruinniú an choiste náisiúnta ábhartha a tionóladh an 11 Nollaig 1997. Maidir le teorainn an limistéir sin, an dáta a fhormheasfaidh an coiste náisiúnta ábhartha an tsonraíocht táirge, beidh limistéar na mbardas a leanas cuimsithe ann, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2024:

Roinn Ain (155 bhardas)

An roinn ina hiomláine, seachas:

— cantúin Attignat, Bourg-en-Bresse (ina iomláine), Châtillon-sur-Chalaronne, Meximieux, Miribel, Replonges, Saint-Genis-Pouilly, Trévoux, Villars-les-Dombes, Vonnas: na bardais uile;

— I gcantún Ambérieu-en-Bugey: bardais Château-Gaillard, Saint-Denis-en-Bugey, Saint-Maurice-de-Rémens;

— I gcantún Ceyzériat: bardais Certines, Chalamont, Châtenay, Châtillon-la-Palud, Crans, Dompierre-sur-Veyle, La Tranclière, Le Plantay, Lent, Montagnat, Saint-André-sur-Vieux-Jonc, Saint-Just, Saint-Nizier-le-Désert, Servas, Versailleux, Villette-sur-Ain;

— I gcantún Gex: bardais Sauverny agus Versonnex;

— I gcantún Lagnieu: bardais Blyes, Charnoz-sur-Ain, Chazey-sur-Ain, Leyment, Loyettes, Sainte-Julie, Saint-Jean-de-Niost, Saint-Maurice-de-Gourdans, Saint-Vulbas, Villieu-Loyes-Mollon;

— I gcantún Plateau d'Hauteville: bardas Artémix;

— I gcantún Pont-d'Ain: bardais Priay, Varambon;

— I gcantún Saint-Etienne-du-Bois: bardais Beaupont, Cormoz, Marboz;

— I gcantún Thoiry: bardais Challex, Chevry, Pougny, Ségny.

Roinn Doubs (465 bhardas)

An roinn ina hiomláine, seachas:

— cantúin Audincourt, Bethoncourt, Montbéliard: na bardais uile;

— I gcantún Baume-les-Dames: bardais Abbenans, Avilley, Bonnal, Cubrial, Cubry, Cuse-et-Adrisans, Fontenelle-Montby, Gondenans-les-Moulins, Gondenans-Montby, Gouhelans, Huanne-Montmartin, Mésandans, Mondon, Montagney-Servigney, Montussaint, Nans, Puessans, Rognon, Romain, Rougemont, Tallans, Tournans, Tressandans, Trouvans, Uzelle, Viéthorey;

— I gcantún Bavans: bardais Accolans, Aibre, Allondans, Appenans, Arcey, Bavans, Berche, Beutal, Blussangeaux, Blussans, Bournois, Bretigney, Colombier-Fontaine, Dampierre-sur-le-Doubs, Désandans, Dung, Échenans, Étouvans, Étrappe, Faimbe, Gémonval, Geney, Issans, La Prétière, Laire, Le Vernoy, L'Isle-sur-le-Doubs, Longevelle-sur-Doubs, Lougres, Mancenans, Marvelise, Médière, Montenois, Onans, Présentevillers, Rang, Raynans, Sainte-Marie, Saint-Julien-lès-Montbéliard, Saint-Maurice-Colombier, Semondans, Sourans, Soye, Villars-sous-Écot;

— I gcantún Maîche: bardais Abbévillers, Bondeval, Meslières, Thulay;

— I gcantún Valentigney: bardais Bourguignon, Ecot, Mathay, Mandeure, Valentigney, Voujeaucourt.

Roinn Jura (483 bhardas)

An roinn ar fad, cé is moite de bhardais Annoire, Aumur, Champdivers, Chemin, Longwy-sur-le-Doubs, Molay, Peseux, Petit-Noir, Saint-Aubin, Saint-Loup, Tavaux.

Roinn Saône-et-Loire (13 bhardas)

Bardais a áirítear ina n-iomláine:

Beaurepaire-en-Bresse, Beauvernois, Bellevesvre, Champagnat, Cuiseaux, Flacey-en-Bresse, Fretterans, Joudes, Mouthier-en-Bresse, Sagy, Saillenard, Savigny-en-Revermont, Torpes.

Roinn Haute-Savoie (bardas amháin)

Bardais a áirítear ar bhonn páirteach:

Challonges (dáileachta talún uimhir 1538 (562 roimhe seo) agus uimhir 563 (páirteach) amháin i roinn A (bileog 6)).

Is féidir teacht ar léarscáileanna den limistéar geografach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Cuimsíonn an limistéar geografach stua shléibhte Jura, sraith ardchlár aolchloiche, agus an chuid de a théann isteach i gcuid bheag den mhá in aice láimhe.

Saintréith de na limistéir thalmhaíochta atá i gceist is ea a ndrochithreacha agus comhrianta móra agus cineál cailcreach agus mólasach an fhostrataim gheolaíoch.

Is iondúil go mbíonn aeráid an limistéir gheografaigh i leith na haeráide ilchríochaí agus na haeráide tuaisceartaí araon i bhfianaise go mbíonn difríochtaí móra teochta i gceist léi idir na séasúir agus a mbíonn báisteach throm ann sa samhradh, cé go mbíonn sí cothrom i rith na bliana, go mbíonn an mheánteocht bhliantúil íseal agus go mbíonn líon ard laethanta seaca ann.

Is timpeallacht sléibhe nó foshléibhe an-fhliuch atá ann. Bíonn an méid báistí a thiteann ag airde íseal sách trom mar atá agus tagann méadú ar an méid a thiteann de réir mar a théitear i dtreo chroí an tsliabhraoin. Saintréith den dáileadh séasúrach is ea nach ann do shéasúr tirim.

Tá idir coillearnach, ar sprús leath di, agus féarthalamh sa limistéar sin. Cuireann dálaí geo-aeráide ar leith an limistéir (báisteach throm, gan aon triomach sa samhradh, etc.) go mór le táirgeadh féir ar ardchaighdeán. Fágann na dálaí sin gur féidir féarthalamh nádúrtha a fhorbairt ina bhfásann flóra an-saibhir (déchotailéadóin, go háirithe) agus flóra sonrach, ar flóra aolchloiche é den chuid is mó.

Mar sin féin, tá an fhaisnéis sin faoi réir éagsúlachta mar gheall ar an athrú aeráide leanúnach, agus ní féidir triomaigh a chur as an áireamh a thuilleadh toisc gur féidir leo tarlú in aon séasúr.

Sa limistéar sin atá an-oiriúnach d'innilt, beathaíonn ba déiríochta ar an mbealach sin chomh fada agus a cheadaíonn na dálaí aimsire, neart iompair na n-ithreacha agus láithreacht an fhéir sin. Roghnaigh na póraitheoirí pór Montbéliarde, pór atá oiriúnaithe go maith do na dálaí sa limistéar agus arb é atá i gcuid mhór de bheagnach gach tréad déiríochta sa limistéar geografach. Coinníodh an fheirmeoireacht fhairsing féarthailte ar bun (tá dlús stocála agus úsáid nítrigine agus tiúchan, etc. teoranta). Ina theannta sin, baineann 'traidisiún cáiseoireachta' ar leith leis an limistéar geografach. Mar thoradh ar an traidisiún sin, atá bunaithe ar chomhthiomsú bainne chun cáis mhór a dhéanamh, tá braistint láidir dlúthpháirtíochta agus rialacha comhchoiteanna i gceist.

Ó bhí an 13ú céad ann, tá feirmeoirí sa réigiún sin ag obair le chéile chun an bainne a tháirgeann a dtréada éagsúla a chomhthiomsú gach lá chun roth mór a dhéanamh. Fós sa lá atá inniu ann, is baill de chomharchumainn iad formhór mór na dtáirgeoirí bainne agus comhthiomsaíonn siad a mbainne i ngléasra próiseála ar a dtugtar 'fruitière', an gléasra cáiseoireachta áitiúil.

Baintear úsáid as na modhanna traidisiúnta fós chun an cháis sin a dhéanamh agus coinnítear ar bun iad, ar thaobh amháin, sa chaoi a bpóraítear na hainmhithe trí úsáid a bhaint as córas sonrach chun féaraigh a bhainistiú agus féar bainte a thriomú agus, ar an taobh eile, sa chaoi a ndéantar an cháis trí ghearradh an ghrutha, a chorraí agus a théamh, an t-eastóscadh agus an brú agus ansin an sailleadh, an réamhaibiú agus an t-aibiú a uainiú go cúramach.

Is cáis é ‘Comté’ a dhéantar as bainne bó amh. Bíonn taos brúite cócaráilte ann agus bíonn sé i gcruth rotha mhóir idir 55 agus 75 cm ar trastomhas. Déantar é a aibiú ar feadh tréimhse fhada agus is cáis é a mhaireann ar feadh i bhfad dá bhrí sin. Ní mór 62 ghram d’ábhar tirim in aghaidh 100 gram cáise ar a laghad a bheith ann, agus níor cheart cion taise na cáise díshaillte a bheith níos mó ná 54 %.

Ní lú an t-ábhar salainn ná 0,6 g de chlóiríd sóidiam in aghaidh 100 g de cháis.

Is casta an blas a bhíonn ar ‘Comté’. Cé go mbíonn gnéithe céadfacha ginearálta na rothaí uile mar an gcéanna, ní mar a chéile aon dá roth ‘Comté’. Is féidir idirdhealú a dhéanamh idir sé phríomhghrúpa dea-bholaithe (torthaíoch, bainniúil, rósta, plandúil, amhail ainmhíoch, spíosrach) agus bíonn níos mó ná 90 miondifríocht i gceist leo.

Is sa timpeallacht achrannach sin, ina bhfuil idir coillearnach agus féarthalamh sa tírdhreach agus ina raibh sé dodhéanta acmhainní eile a fhorbairt, a tháinig cáiseanna crua móra chun bheith ina rogha táirge. I gcás na ndaoine a bhí ina gcónaí ar an talamh sin, ba cháis a mhairfeadh ar feadh i bhfad an t-aon bhia leasaithe a d’fhéadfaí a dhéanamh ó sholáthar flúirseach bainne a bhí ann sa samhradh agus a mhairfeadh i gcaitheamh an gheimhridh fhada. Dá bhrí sin, roghnaigh póraitheoirí áitiúla pór bó a bhí an-oiriúnach do na dálaí áitiúla agus do cháis ar leith a dhéanamh. Comhthiomsaíodh an bainne sna ‘fruitières’ chun cáis mhór a mhairfeadh ar feadh i bhfad a tháirgeadh a chuirfeadh ar a gcumas do na póraitheoirí an úsáid is fearr a bhaint as saibhreas na talún sin lasmuigh den limistéar geografach. Roghnaíodh cáis lena ngabhann taos cócaráilte bunaithe ar fhlúirse an chonnaidh sa limistéar.

Léirítear saintréithe sainiúla na bhféarthailte sa cháis le cuidiú ó shaineolas sonrach a chuirtear i bhfeidhm ag gach céim táirgthe.

Ar an gcéad dul síos, cuireann saibhreas mór flóra thimpeallacht nádúrtha an limistéir gheografaigh go mór le forbairt chomhpháirteanna aramatacha na cáise. Is trí fheirmeoireacht fhairsing na bhféarthailte a chaomhnaíonn na póraitheoirí an éagsúlacht sin. Léiríodh an dlúthnasc idir éagsúlacht flóra agus dea-bholadh saibhir ‘Comté’ freisin in dhá staidéar eolaíocha in 1994. Trí theorainn a chur leis an gcion saille le linn na cáiseoireachta, is féidir blasanna aite de bharr lipealaithe a sheachaint agus gnáth-dhea-bholaithe ‘Comté’ a threisiú. Trí chion íosta ábhair thirim agus cion uasta taise a leagan síos le haghaidh na cáise díshaillte, is féidir farasbarr uisce sa cháis a sheachaint agus cuidiú leis na dea-bholaithe uile a thabhairt amach. Feabhsaítear na dea-bholaithe freisin le hábhar salainn íosta na cáise.

Leis an oibleagáid dabhcha oscailte a úsáid, is féidir leis na cáiseoirí a gcuid scileanna a choinneáil ar bun, amhail uainiú ceart ghearradh an ghrutha agus an eastósctha. Ar deireadh, úsáideann na haibitheoirí a saineolas chun dálaí aibithe gach luchtóige a choigeartú go cúramach. Ní dhéantar dea-bholadh na cáise, atá mar thoradh ar thosca nádúrtha amhail an féar agus éiceachóras an mhiocróib, a fhorbairt go hiomlán ach amháin tar éis tréimhse fhada aibithe ar chláir sprúis, atá an-oiriúnach d’aibiú ‘Comté’. Le táirgeadh ‘Comté’ is féidir gníomhaíochtaí traidisiúnta talmhaíochta a choinneáil ar bun agus cuidíonn sé go mór le geilleagar áitiúil cothrom a bhaint amach.

Tagairt leictreonach (URL) d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-a5dc2d3a-eff7-49bd-a9c7-387919793b41